

An Bhruiséil, 30 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

15196/26

ENV 1341
MI 1096
AGRI 797
CHIMIE 140
DELECT 173

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	30 Deireadh Fómhair 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 589 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir le feidhmiú an tarmligin a thugtar don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a úsáid agus a chur ar fáil ar an margadh i gcomhréir le hAirteagal 83(2) den Rialachán sin

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 589 final.

Faoi iamh: COM(2026) 589 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.10.2026
COM(2026) 589 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le feidhmiú an tarmligin a thugtar don Choimisiún de bhun Rialachán (AE)
Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012
maidir le táirgí bithicéideacha a úsáid agus a chur ar fáil ar an margadh i gcomhréir le
hAirteagal 83(2) den Rialachán sin**

1. RÉAMHRÁ AGUS BUNÚS DLÍ

Is é is aidhm do chreat dlíthiúil an Aontais Eorpaigh le haghaidh táirgí bithicídeacha ardleibhéal cosanta a áirithiú do shláinte an duine agus do shláinte ainmhithe araon agus don chomhshaol agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú. Tá an creat ag feidhmiú ar an bprionsabal nach féidir táirgí bithicídeacha a chur ar an margadh agus a úsáid ach amháin má dheonaíonn na húdaráis inniúla údarú margaíochta.

Leagtar síos na ceanglais agus na nósanna imeachta maidir le margaíocht agus úsáid táirgí bithicídeacha a údarú i Rialachán (AE) Uimh. 528/2012¹ ('Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha' anseo feasta). Is tuarascáil í seo chun an oibleagáid a leagtar síos don Choimisiún le hAirteagal 83(2) de Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha a chomhlíonadh. Ceanglaítear le hAirteagal 83(2) ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le feidhmiú an tarmligin a thugtar don Choimisiún le Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha. Déanfar an tuarascáil a tharraingt suas tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh thréimhse 5 bliana an tarmligin, agus é ar siúl ón 17 Iúil 2012. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaíthe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

Ghlac an Coimisiún an chéad tuarascáil maidir le feidhmiú an tarmligin a thugtar don Choimisiún an 11 Deireadh Fómhair 2016 agus chumhdaigh sí an tréimhse ón 17 Iúil 2012 go dtí an 11 Deireadh Fómhair 2016².

Ghlac an Coimisiún an dara tuarascáil maidir le feidhmiú an tarmligin a tugadh don Choimisiún an 27 Bealtaine 2024 agus cumhdaíodh inti an tréimhse ón 12 Deireadh Fómhair 2016 go dtí an 31 Nollaig 2023³. Ba cheart an dara tuarascáil seo a bheith eisithe faoin 17 Deireadh Fómhair 2021 agus dá bhrí sin bhí moill uirthi. Go sonrach, le linn na tréimhse sin, dhírigh an Coimisiún a aird ar thíolacadh na chéad tuarascála ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha (COM/2021/287 final), agus an Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an tuarascáil sin⁴. Rinne Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe chuig an gCoimisiún don tréimhse ón 17 Iúil 2022 go dtí an 17 Iúil 2027.

Chun a oibleagáidí a chomhlíonadh, eisiúnn an Coimisiún an tríú tuarascáil anois maidir le feidhmiú an tarmligin a thugtar don Choimisiún. Cumhdaítear leis an tríú tuarascáil sin an tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 1 Meán Fómhair 2026, chun athailíniú a dhéanamh

¹ [Rialachán \(AE\) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid, IO L 167, 27.6.2012, lch. 1](#)

² [Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le feidhmiú an tarmligin a thugtar don Choimisiún de bhun Rialachán \(AE\) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a úsáid agus a chur ar fáil ar an margadh, COM/2016/0650 final](#)

³ [Tuarascáil Ón gCoimisiún Chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le feidhmiú an tarmligin a thugtar don Choimisiún de bhun Rialachán \(AE\) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a úsáid agus a chur ar fáil ar an margadh i gcomhréir le hAirteagal 83\(2\) den Rialachán sin, COM/2024/214 final](#)

⁴ [Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme Rialachán \(AE\) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid, COM/2021/287 final](#)

leis na tréimhsí ama dá bhforáiltear i Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha chun na tuarascálacha a chur isteach, agus chun iad a sheoladh roimh an 17 Deireadh Fómhair 2026 chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. Tugtar léargas cuimsitheach cothrom le dáta sa tuarascáil ar na gníomhaíochtaí a rinne an Coimisiún.

Cumhachtaítear le hAirteagal 83(1) de Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal sin agus chun:

- an sainmhíniú ar nana-ábhar a leagtar amach in Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha a oiriúnú ag féachaint do dhul chun cinn teicniúil agus eolaíoch [Airteagal 3(4)],
- critéir eolaíocha a shonrú chun airíonna réabtha inchrínigh a chinneadh [Airteagal 5(3)],
- critéir a shonrú chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh cad is údar leordhóthanach ann chun na ceanglais sonraí maidir le hiarratas ar shubstaint ghníomhach a fhormheas a oiriúnú i gcás nach bhfuil na sonraí riachtanach mar gheall ar an nochtadh a bhaineann leis an úsáid atá beartaithe don táirge [Airteagal 6(4)],
- critéir a shonrú chun a shainiú cathain a thabharfadh an nochtadh a bhaineann leis na húsáidí atá beartaithe don táirge údar chun na ceanglais sonraí maidir leis na hiarratais ar údaruithe táirgí bithicídeacha a oiriúnú [Airteagal 21(3)],
- na critéir a shonrú chun a chinneadh cathain a bhaineann ceisteanna le measúnuithe comparáideacha ar tháirgí bithicídeacha, ar ceisteanna iad ar fearr a ndíreofaí orthu ar leibhéal an Aontais agus na nósanna imeachta le haghaidh na measúnuithe comparáideacha sin [Airteagal 23(5)],
- Iarscríbhinn I a leasú chun substaintí ghníomhacha nach ábhar inní iad a áireamh [Airteagal 28(1)],
- Iarscríbhinn I a leasú chun iontráil i leith substaint ghníomhach a shrianadh nó a bhaint má tá fianaise ann nach ábhar inní iad táirgí bithicídeacha ina bhfuil an tsubstaint sin [Airteagal 28(3)],
- rialacha forlíontacha a ghlacadh maidir le húdaruithe a athnuachan faoi réir aitheantas frithpháirteach [Airteagal 40],
- rialacha sonracha a ghlacadh lena bhforlíontar forálacha Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha maidir le taighde agus forbairt [Airteagal 56(4)],
- gníomhartha a ghlacadh lena bhforlíontar rialacha Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha maidir le húsáid an Chláir do Tháirgí Bithicídeacha [Airteagal 71(9)],
- Iarscríbhinní II, III agus IV a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil [Airteagal 85],
- na rialacha a bhunú maidir leis an gclár athbhreithnithe chun scrúdú córasach a dhéanamh ar gach substaint ghníomhach atá ann cheana, clár ar cuireadh tús leis i gcomhréir le hAirteagal 16(2) de Threoir 98/8/CE⁵ agus cearta agus oibleagáidí gaolmhara na n-údarás inniúil agus na rannpháirtithe sa chlár a shonrú agus an clár athbhreithnithe a fhadú go ceann tréimhse arna chinneadh [Airteagal 89(1)].

⁵ [Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar an margadh, IO L 123, 24.4.1998, lch. 13](#)

2. AN TARMLIGEAN A FHEIDHMIÚ

Le linn na tréimhse a bhaineann leis an tuarascáil seo, ghlac an Coimisiún 3 ghníomh tharmligthe chun oibleagáidí a leagtar síos i Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha a chomhlíonadh agus eilimintí neamhriachtanacha áirithe de Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha a fhorlíonadh nó a leasú. Glacadh na gníomhartha seo a leanas idir an 1 Eanáir 2024 go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2026:

2.1. Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2024/1290 ón gCoimisiún⁶

Glacadh an Rialachán Tarmligthe sin ar bhonn Airteagal 28(1) de Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha, agus *ar dá réir a chumhachtaítear don Choimisiún 'gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 83 lena leasaítear Iarscríbhinn I, tar éis dó an tuairim ón nGníomhaireacht a fháil, chun substaintí gníomhacha a áireamh ar choinníoll go bhfuil fianaise ann nach ábhar imní iad de réir mhír 2 den Airteagal sin'*.

Ghlac an Coimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1290 chun nítrigin a ghintear ón aer comhthimpeallach a chuimsiú in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha. Ós rud é go liostaítear nítrigin cheana féin in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006⁷, cuimsíodh an tsubstaint i gCatagóir 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha ('Substaintí a chuimsítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006'). Tá an cuimsiú faoi réir an choinníll go soláthraíonn iarratais ar údarú táirgí fianaise go seachnaítear nochtadh úsáideoirí agus an phobail i gcoitinne d'atmaisféir hipeacsacha agus go ndéantar bearta iomchuí i gcás inar gá.

D'fheidhmigh an grúpa saineolaithe de chuid an Choimisiúin 'Údaráis Inniúla maidir le Táirgí Bithicídeacha' ('Grúpa Saineolaithe na nÚdarás Inniúil um Bithicídí', E03125⁸, anseo feasta) mar ghrúpa saineolaithe i gcomhréir leis na socruithe idirinstiúideacha is infheidhme. Sa suíomh sin, pléadh an dréacht-Rialachán Tarmligthe i gcruinnithe Ghrúpa Saineolaithe na nÚdarás Inniúil um Bithicídí an 28-29 Meán Fómhair 2023 agus an 7-8 Nollaig 2023. Cuireadh dréachtaí cothrom le dáta den Rialachán Tarmligthe ar fáil go poiblí roimh gach ceann de na cruinnithe sin. Ghlac an Coimisiún an Rialachán Tarmligthe an 29 Feabhra 2024 agus thug sé fógra faoi do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Ní dhearna ceachtar den dá institiúid agóid in aghaidh an Rialacháin Tharmligthe laistigh den tréimhse 2 mhí dá bhforáiltear in Airteagal 83(5) de Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha. Foilsíodh Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2024/1290 in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh an 6 Bealtaine 2024 agus tháinig sé i bhfeidhm an 26 Bealtaine 2024.

⁶ [Rialachán Tarmligthe \(AE\) 2024/1290 ón gCoimisiún an 29 Feabhra 2024 lena leasaítear Rialachán \(AE\) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun sorbáit photaisiam a áireamh mar shubstaint ghníomhach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis IO L, 2024/1290, 6.5.2024](#)

⁷ [Rialachán \(CE\) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán \(REACH\), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán \(CEE\) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán \(CE\) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún](#)

⁸ <https://ec.europa.eu/transparency/expert-groups-register/screen/expert-groups/consult?lang=en&groupId=3125&fromMembers=true&memberType=4&memberId=52888>

2.2. Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2024/1398 ón gCoimisiún⁹

Glacadh an Rialachán Tarmligthe sin i gcomhréir le hAirteagal 89(1), an dara fomhír, de Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha, lena bhforáiltear *‘De réir dhul chun cinn an chláir oibre, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 83 maidir le síneadh a chur le fad an chláir oibre ar feadh tréimhse arna cinneadh’*.

Ghlac an Coimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1398 chun síneadh a chur le fad an chláir oibre chun scrúdú córasach a dhéanamh ar gach substaint ghníomhach atá ann cheana a úsáidtear i dtáirgí bithicídeacha. Le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 déantar foráil maidir le leanúint den chlár athbhreithnithe le haghaidh substaintí ghníomhacha bithicídeacha atá ann cheana, clár ar cuireadh tús leis faoi Threoir 98/8/CE agus ar ghá é a thabhairt chun críche ar dtús faoin 31 Nollaig 2024. Mar sin féin, rinne moilleanna substaintiúla difear don chlár, mar a thuairiscigh an Coimisiún ina thuarascáil cur chun feidhme maidir le Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha an 7 Meitheamh 2021¹⁰. Mar gheall ar na moilleanna sin, níorbh fhéidir an clár athbhreithnithe a thabhairt chun críche faoi dheireadh 2024. Dá bhrí sin, le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1398, cuireadh síneadh le fad an chláir oibre go dtí an 31 Nollaig 2030.

Chuathas i gcomhairle le Grúpa Saineolaithe na nÚdarás Inniúil um Bithicídí maidir leis an dréacht-Rialachán Tarmligthe i gcrúinnithe an 28-29 Meán Fómhair 2023 agus an 7-8 Nollaig 2023. Cuireadh an dréacht den Rialachán Tarmligthe ar fáil don phobal roimh chruinniú mhí na Nollag 2023.

Ghlac an Coimisiún an Rialachán Tarmligthe an 14 Márta 2024 agus thug sé fógra faoi do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Ní dhearna ceachtar den dá institiúid agóid in aghaidh an Rialacháin Tharmligthe laistigh den tréimhse 2 mhí dá bhforáiltear in Airteagal 83(5) de Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha. Foilsíodh Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2024/1398 in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh an 22 Bealtaine 2024 agus tháinig sé i bhfeidhm an 11 Meitheamh 2024.

2.3 Rialachán Tarmligthe 2026/447 ón gCoimisiún¹¹

Glacadh an Rialachán Tarmligthe sin ar bhonn Airteagal 28(1) de Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha, agus *ar dá réir a chumhachtaítear don Choimisiún ‘gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 83 lena leasaítear Iarscríbhinn I, tar éis dó an tuairim ón nGníomhaireacht a fháil, chun substaintí ghníomhacha a áireamh ar choinníoll go bhfuil fianaise ann nach ábhar imní iad de réir mhír 2 den Airteagal sin’*.

⁹ [Rialachán Tarmligthe \(AE\) 2024/1398 ón gCoimisiún an 14 Márta 2024 lena leasaítear Rialachán \(AE\) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le síneadh breise a chur le fad an chláir oibre chun scrúdú córasach a dhéanamh ar na substaintí ghníomhacha bithicídeacha uile atá ann cheana, IO L, 2024/1398, 22.5.2024](#)

¹⁰ [Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme Rialachán \(AE\) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid, COM/2021/287 final](#)

¹¹ [Rialachán Tarmligthe \(AE\) 2026/447 ón gCoimisiún an 27 Feabhra 2026 lena leasaítear Rialachán \(AE\) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le srian ar úsáid na substainte ghníomhaí dé-ocsaíd charbóin in Iarscríbhinn I, Catagóir 6, a ghabhann leis, IO L 30.7.2026](#)

Ghlac an Coimisiún Rialachán Tarmligthe 2026/447 chun leasú a dhéanamh ar an srian maidir le húsáid na substainte gníomhaí dé-ocsaíd charbóin a liostaítear in Iarscríbhinn I, Catagóir 6, a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Cuimsíodh dé-ocsaíd charbóin in Iarscríbhinn I, Catagóir 6, a ghabhann le Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha le srian lena húsáid i gceanastair gháis atá réidh lena n-úsáid agus atá ag feidhmiú in éineacht le feiste gaisteoireachta. Tar éis iarratas a cuireadh isteach i gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Rialachán (AE) Uimh. 88/2014¹² chun an srian sin a leasú, thug an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ('ECHA') a tuairim uaithi an 10 Meán Fómhair 2025¹³ inar thángthas ar an gconclúid gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an srian atá ann cheana. Dá réir sin, leasaítear leis an Rialachán Tarmligthe seo Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 a mhéid a bhaineann leis an srian is infheidhme maidir le dé-ocsaíd charbóin.

Chuathas i gcomhairle le Grúpa Saineolaithe na nÚdarás Inniúil um Bithicídí maidir leis an dréacht-Rialachán Tarmligthe i gcuinnithe an 11-12 Nollaig 2025 agus an 19-20 Márta 2026. Cuireadh dréachtaí cothrom le dáta den Rialachán Tarmligthe ar fáil go poiblí roimh gach ceann de na cruinnithe sin. Ghlac an Coimisiún an Rialachán Tarmligthe an 27 Feabhra 2026 agus thug sé fógra faoi do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Ní dhearna ceachtar den dá institiúid agóid in aghaidh an Rialacháin Tarmligthe laistigh den tréimhse 2 mhí dá bhforáiltear in Airteagal 83(5) de Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha. Foilsíodh Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2026/447 in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh an 30 Iúil 2026 agus tháinig sé i bhfeidhm an 19 Lúnasa 2026.

3. Tarmलगin eile

Níor fheidhmigh an Coimisiún na cumhachtaí tarmligthe dá bhforáiltear i gcuid de na réimsí dá dtagraítear i roinn I den tuarascáil seo go fóill (i.e. cumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3(4), Airteagal 6(4), Airteagal 21(3), Airteagal 23(5), Airteagal 28(3), Airteagal 56(4), Airteagal 71(9) de Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha), ach féadfaidh sé déanamh amhlaidh amach anseo má mheastar gur gá sin le linn chur chun feidhme Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha.

CONCLÚID

Sa tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil seo, d'fheidhmigh an Coimisiún na cumhachtaí tarmligthe dá bhforáiltear le Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha 3 huairé i gcomhréir leis na tarmलगin a tugadh dó.

Tá dul chun cinn á dhéanamh maidir le cur chun feidhme Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha agus tá dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch á dhéanamh. Dá bhrí sin,

¹² [Rialachán Cur Chun Feidhme \(AE\) Uimh. 88/2014 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2014 lena sonraítear nós imeachta maidir le leasú Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán \(AE\) Uimh 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bhaineann le táirgí bithicídeacha a chur ar an margadh agus a úsáid, IO L 32, 1.2.2014](#)

¹³ Tuairim ón gCoiste um Tháirgí Bithicídeacha ar an leasú go gcuirfear Catagóir 6 den tsubstaint ghníomhach san áireamh in Iarscríbhinn I: Dé-ocsaíd-charbóin; ECHA/BPC/491/2025; arna glacadh an 10 Meán Fómhair 2025.

d'fhéadfadh sé ceangal ar an gCoimisiún gníomhartha tarmlichte breise a ghlacadh amach anseo chun an creat dlíthiúil a choimeád cothrom le dáta.